View in browser

19 Bealtaine 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 97







## TURAS GO CORCA DHUIBHNE

Chuaigh rang Idirbhliana Choláiste Chroí Mhuire ar thuras Gaeltachta go Corca Dhuibhne ar an 16ú agus 17ú Bealtaine. Bhain siad an-sásamh as an nasc a rinne siad le déagóirí Chorca Dhuibhne agus iad thíos ann. Thug siad cuairt ar Phobalscoil Chorca Dhuibhne ar an Luan, áit a ndearna siad cur i láthair ar Chois Fharraige idir caint, filíocht 's ceol. Bhronn siad cóipeanna den leabhar **'Eadrainn Féin'** ar an scoil chomh maith le cóip de **'Fad Saoil'** le Joe Steve Ó Neachtain. Bhí céilí acu leis an Idirbhliain ón bPobalscoil agus deis ag na daltaí meascadh lena chéile. Chuaigh coiste Gaelbhrataigh CCM agus ionadaí Gucci Gaeilge CCM amach le haghaidh lóin le coiste Gaeilge PCC roimh cuairt a thabhairt ar an uisceadán **Mara Beo** le turas treoraithe as Gaeilge, áit a bhfaca siad madraí uisce, siorcanna, piongainí agus feileacáin. D'fhan siad le mná tí i mBaile an Fheiritéirigh don oíche agus tráthnóna rinne siad *Zumba* agus céilí ina measc féin le Coláiste Chorca Dhuibhne. Ar an dara lá chuaigh an Idirbhliain ar cuairt chuig Coláiste Íde, áit a raibh taispeántas ón dá scoil agus ghlac na daltaí páirt sa lá spóirt idir an léim ard, rás na dtrí cos, rás sealaíochta agus an tsleá (*javelin*). Bhí an-deis acu aithne a chur ar a chéile. Ina dhiaidh sin chuaigh siad go Ceann Trá le haghaidh turas oidhreachta le Mícheál de Mórdha. D'fhoghlaim siad faoi stair an cheantair fad is a bhí siad ag siúl ar an trá mhór fhada ansin agus ghlac siad roinnt pictiúir taobh amuigh de Tigh Pháidí Ó Sé roimh filleadh abhaile.






Rinne na daltaí ionadaíocht an-mhaith ar Chois Fharraige agus moladh iad as labhairt na Gaeilge agus as a gcuid iompar thíos ann óna scoileanna, ó ionadaithe Choláiste Chorca Dhuibhne agus ó na mná tí. Bhí an-*time* acu agus chuir na scoileanna thíos an-fháilte rompu. An Coiste Gaelbhrataigh a bhí i bhfeidhil an eagrúcháin. Oscar Mac Réamoinn, Hannah Nic Fhlannchadha, Caitríona Ní Mhathúna, Cormac Ashe, Damhnait Ní Fhátharta, Eoin Ó Neachtain, Clíodhna Courtney, Caomhlú Ó Fathaigh agus Labhaoise Ní Bhéarra le cúnamh Lughán Mac Con Iomaire agus Méabh Ní Chonghaile a bhí i mbun oibre. Thug Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga cúnamh don ghrúpa dul ar an turas iontach seo, áit a bhfuair na daltaí deis meascadh le, agus foghlaim faoi, phobal agus cultúr ceann de Ghaeltachtaí an Dheiscirt.

## SUIRBHÉ AR NA MEÁIN GHAEILGE


Tá Gaeilgeoirí - idir chainteoirí laethúla agus seachtainiúla - sna haoisghrúpaí 15-34; 35-54 agus 55+ a bheadh sásta suirbhé beag maidir le sceidil TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta a líonadh go rialta á lorg ag **Fios Físe**. Mar chomhartha aitheantais agus buíochais, beidh duaiseanna le buachan chuile mhí acu siúd atá sásta páirt a ghlacadh. Is féidir clárú anseo nó is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le 086 102 2809 nó teachtaireacht a sheoladh chuig eilis.nidhuill@oegaillimh.ie


## CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig **Ciorcal Comhrá Chois Fharraige** le chéile don chéad uair i mbliana le gairid. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách!

## CAIRDE PINN 2022

Cuireadh tús leis an togra **Cairde Pinn** i mbliana, ar fud cheantair Ghaeltachta na tíre. Comhtogra de chuid Oifigigh Pleanála Teanga na Gaeltachta atá ann inar cuireadh cara pinn in aois bunscoile ó cheantar Gaeltachta amháin i dteagmháil le cara pinn i gceantar Gaeltachta eile. Thug foireann **Molscéal** cuairt ar Scoil Éinne, An Spidéal agus Scoil Abán Naofa, Baile Mhuirne a ghlac páirt sa togra le fiosrú cén chaoi ar éirigh leo leis an scéim. Is féidir an físeán a fheiceáil anseo.




## CRANNCHUR NÁISIÚNTA NA GCLUBANNA - CLG AN SPIDÉIL

Tá **Cumann CLG An Spidéal** ag díol ticéid don Chrannchur Náisiúnta na gClubanna faoi láthair. I measc na nduaiseanna iontacha atá le buachan i mbliana tá carr *Dacia Duster*, chomh maith le ticéid agus lóistín do Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann, €2,000 agus neart eile nach iad! €10 an praghas ar thicéad agus coinníonn an club chuile phingin den airgead sin. Is féidir teagmháil a dhéanamh le duine den choiste, nó le himreoir le ticéad a cheannach.

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Ní mór go mbeadh cónaí ar na rannpháirtithe sa limistéar - ó Na Forbacha go Ros an Mhíl, agus ní féidir gaol fola nó pósta a bheith idir na rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi le chéile. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir ag deireadh na scéime. Le páirt a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!







## COMÓRTAS SRAITH NA SEAIMPÍNÍ

Tá Comórtas Sraith na Seaimpíní á reáchtáil ag **Cumann Sacair Chois Fharraige**. Beidh an comórtas dírithe ar an nóiméad a bhéas an chéad chúl

faighte sa gcluiche ceannais i sraith na seaimpíní. Níl ach 90 ticéad ar fáil agus roghnófar an nóiméad atá agat nuair atá na ticéid uilig díolta. Tá costas €10 ar thicéad agus bronnfar €400 ar an mbuaiteoir. Is féidir ticéad a cheannach anseo.

## CAMPA SCRÍBHNEOIREACHTA AR LÍNE DO DHAOINE ÓGA

Tá sé fógartha ag *Fighting Words Chonamara* agus ag **Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin** go mbeidh Campa Samhraidh sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach do dhéagóirí á thairiscint acu faoin scéim Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach (CAOI). Beidh an campa ar siúl ar Zúm agus díreofar ar ghnéithe éagsúla den scríbhneoireacht gach tráthnóna Máirt ar feadh sé seachtaine agus fáilteofar roimh iarrthóirí idir 13 -17 bliain d'aois. Is trí Ghaeilge ar fad a bheidh an campa. Deis iontach a bheas ann do chuid cruthaitheachta a fhorbairt agus aithne a chur ar scríbhneoirí óga eile. Cuirfear tús leis an gcúrsa ar an Máirt 31 Bealtaine @ 5-6:30i.n. Is féidir foirm iarratais a fháil anseo. Comhghairdeachas le daltaí as Coláiste Chroí Mhuire ar foilsíodh saothar dá gcuid san *Irish Times* ar an Luan seo caite mar chuid de shaothar *Fighting Words!*

## LASCAINE AR FÁIL Ó SIOPA ÚDAR

Tá cód lascaine cruthaithe ag Siopa Údar le tairiscint do Ghaelscoileanna, sruthanna agus aonaid Ghaeilge, Naíscoileanna agus Naíonraí ar fud na tíre le buíochas a ghabháil leo as ucht an tacaíocht agus an cúnamh atá faighte acu le blianta anuas. Táthar ag súil go gcabhróidh an lascaine seo le hinstitiúidí oideachais agus iad ag lorg áiseanna nua don scoilbhliain 2022/2023. Is féidir ordú a dhéanamh ar an suíomh www.siopaudar.ie agus an cód lascaine SCOIL22 a úsáid le lascaine 10% a fháil. Is féidir freisin r-phost a sheoladh chuig siopaudar@glornangael.ie, ag tabhairt ainm agus seoladh na scoile agus cuirfear sonrasc amach leis an ordú. Chomh maith le sin, má cuirtear ordú isteach roimh 27 Bealtaine, cuirfear míreanna mearaí ar fáil, saor in aisce, do gach páiste sa rang (ar orduithe níos mó ná €150).







## FÍBÍN

Cuirfidh **Fíbín** 6 ghearrdhráma, scríofa ag seisear scríbhneoirí gan ainm faoi ábhar toirmiscthe faoi cheilt ar stáitse idir an 23-28 Bealtaine. Oíche ar leith d'amharclannaíocht fhairsing a chuirfear os comhair an phobail in áiteanna agus i gcúinní éagsúla sa Taibhdhearc. Tabharfar cuireadh don lucht féachana

taiscéalaíocht a dhéanamh ar an amharclann trí Bhál Masc de Dhrámaíocht Nua. Tapaigh an deis seo ar oíche dhrámaíochta neamh-choitianta! Is féidir ticéid a chur in áirithe anseo.

## CLUB ÓIGE NA BHFORBACHA - RÉALT NA MARA

Bhailigh **Club Óige Réalt na Mara** le chéile don chéad uair i Halla Scoil na bhForbacha an tseachtain seo. Tháinig dhá scór gasúr le chéile ag spóirt 's ag spraoi. 'Sé Club Óige Réalt na Mara an chéad chlub óige atá sa cheantar le scór bliain anuas. Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga thar a bheith bródúil agus buíoch as a bheith páirteach i mbunú an chlub, i gcomhpháirt le Muintearas, Scoil na bhForbacha agus an Coiste Chlub Óige Réalt na Mara. Ádh mór leis an gclub nua!

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite